Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Samhain 2021
(OR. en)

13125/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0287 (NLE)

PECHE 385

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/90 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |

**RIALACHÁN (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/90**
**lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle[1] socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Leis an Rialachán sin, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais an plean bainistíochta ilbhliantúil le haghaidh iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh (folimistéar geografach 29) arna ghlacadh le Moladh GFCM/41/2017/4 ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM), arna leasú le Moladh GFCM /43/2019/3 ó GFCM.

(2) Ghlac GFCM cinneadh ag an 44ú cruinniú bliantúil dá chuid in 2021 lenar tugadh dá aire nár bhain an tAontas Eorpach leas iomlán as a chuóta turbard le linn na bliana 2020 agus lenar ceadaíodh tabhairt anonn an chuóta nár úsáideadh i bhfianaise na staide eisceachtúla a cruthaíodh de bharr phaindéim COVID-19. Ba cheart an cinneadh ó GFCM a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(3) Ba cheart dáileadh deiseanna iascaireachta sa Mhuir Dhubh arna mbunú le Rialachán (AE) 2021/90 a leasú dá bhrí sin chun na coigeartuithe ar chuótaí an Aontais arna mbunú ag GFCM a léiriú. Ba cheart dáileadh na ndeiseanna iascaireachta a eascróidh ón tearcúsáid sin a dhéanamh ar bhonn na ranníocaíochta ar leith de chuid gach Ballstáit i leith na tearcúsáide, gan an eochair leithdháilte arna bhunú i Rialachán (AE) 2021/90 maidir le leithdháileadh bliantúil na ngabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a mhodhnú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/90 a leasú dá réir.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 31, 29.1.2021, lch. 1).

(5) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/90 ón 1 Eanáir 2021. Na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo a bhaineann leis na teorainneacha gabhála sin, ba cheart dóibh, dá bhrí sin, teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus feidhm chúlghabhálach a bheith acu ón 1 Eanáir 2021. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist agus nár ídíodh go fóill iad. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasú ar Rialachán (AE) 2021/90*

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/90 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/90, cuirtear an méid seo a leanas in ionad thábla na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh an turbaird in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh:

‘

| Speiceas: an Turbard *Scophthalmus maximus* | | Limistéar: Uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh – FLG 29 (TUR/F3742C) |
|---|---|---|
| an Bhulgáir | 87,825 | TAC anailíseach |
| an Rómáin | 80,116 | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 |
| an tAontas | 167,941 (*) | |
| TAC | 857 | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. |

(*) Ní cheadófar aon ghníomhaíocht iascaireachta, lena n-áirítear trasloingsiú, coinneáil ar bord, tabhairt i dtír agus céad díol ón 15 Aibreán go dtí an 15 Meitheamh 2021.

’.